2023/2265

9.11.2023

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 120/2023

an 28 Aibreán 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2023/2265]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 923/2012, Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 agus Rialachán (AE) 2017/373 a mhéid a bhaineann le ceanglais i dtaca le bainistíocht aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta, dearadh struchtúr an aerspáis agus cáilíocht sonraí, sábháilteacht rúidbhealaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 73/2010 ([1]), arna cheartú le IO L 106, 6.4.2020, lch. 14 agus IO L 108, 7.4.2022, lch. 70, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 a mhéid a bhaineann le dátaí cur i bhfeidhm beart áirithe a chur siar i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 73/2010 ón gCoimisiún ([3]), atá ionchorpraithe i gComhaontú LEE agus atá le haisghairm, dá réir sin, faoi Chomhaontú LEE.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc agus an fho-fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66nh (Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún) agus i bpointe 66wk (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún):

   '- **32020 R 0469**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020 (IO L 104, 3.4.2020, lch. 1), arna cheartú le IO L 106, 6.4.2020, lch. 14 agus IO L 108, 7.4.2022, lch. 70, arna leasú le:

      — **32020 R 1177**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020 (IO L 259, 10.8.2020, lch. 12).'

2. Cuirtear an fhleasc agus an fho-fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66xg (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún):

   '- **32020 R 0469**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2020 (IO L 104, 3.4.2020, lch. 1), arna cheartú le IO L 106, 6.4.2020, lch. 14 agus IO L 108, 7.4.2022, lch. 70, arna leasú le:

      — **32020 R 1177**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1177 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020 (IO L 259, 10.8.2020, lch. 12).'

3. Scriosfar an téacs i bpointe 66wo (Rialachán (AE) Uimh. 73/2010 ón gCoimisiún).

([1]) IO L 104, 3.4.2020, lch. 1.
([2]) IO L 259, 10.8.2020, lch. 12.
([3]) IO L 23, 27.1.2010, lch. 6.

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/469, arna cheartú le IO L 106, 6.4.2020, lch. 14 agus IO L 108, 7.4.2022, lch. 70, agus (AE) 2020/1177 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 29 Aibreán 2023, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 114/2023 ó Chomhchoiste LEE an 28 Aibreán 2023 ([4]), cibé acu is déanaí.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Aibreán 2023.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([4]) IO L, 2023/2294, 9.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2294/oj.